IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 601 de 2018**

---

# AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 9), 2018

I.R. Uimh. 601 de 2018

# AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 9), 2018

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú um Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2017 (I.R. Uimh. 350 de 2017)) agus an tOrdú Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) 2018 (I.R. Uimh. 449 de 2018), déanaimse, Seán Kyne, Aire Stáit ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a Ainmniú) (Uimh. 9) 2018 a ghairm den Ordú seo.

2. Tá na limistéir a shonraítear sa Sceideal ainmnithe mar Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta chun críocha alt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an 8ú de Eanáir, 2019 á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

Sceideal

**Limistéar Pleanála Teanga: Conamara Láir, Co. na Gaillimhe**

(1) Na limistéir toghroinne seo a leanas: Camas, Cill Chuimín (Uachtar Ard), An Turlach, Abhainn Ghabhla, An Cnoc Buí agus Scainimh.

(2) An chuid sin de thoghroinn ceantair Mhaírois i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Dún Riacháin, An Gharmain, Leitheanach Theas, Lios Uachtair agus An Tamhnach Mhór.

(3) An chuid sin de thoghroinn ceantair Chloch na Rón i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Inis Ní, Iorras Beag Thiar agus Iorras Beag Thoir.

ARNA THABHAIRT faoi mo láimh,
21 Nollaig 2018.

SEÁN KYNE,
Aire Stáit ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

STATUTORY INSTRUMENTS.

**S.I. No. 601 of 2018**

---

# GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT LANGUAGE PLANNING AREAS) (NO. 9) ORDER 2018

S.I. No. 601 of 2018

# GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT LANGUAGE PLANNING AREAS) (NO. 9) ORDER 2018

I, SEÁN KYNE, Minister of State at the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, in exercise of the powers conferred on me by section 7(2) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012) (as adapted by the Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs (Alteration of Name of Department and Title of Minister) Order 2017 (S.I. No. 350 of 2017)) and the Culture, Heritage and the Gaeltacht (Delegation of Ministerial Functions) Order 2018 (S.I. No. 449 of 2018), hereby order as follows:

1. This Order may be cited as the Gaeltacht Act 2012 (Designation of Gaeltacht Language Planning Areas) (No. 9) Order 2018.

2. The areas specified in the Schedule are designated to be a Gaeltacht Language Planning Area for the purposes of section 7(2) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012).

*Notice of the making of this Statutory Instrument was published in “Iris Oifigiúil” of 8th January*, 2019.

Schedule

**Language Planning Area: Conamara Láir, Co. na Gaillimhe**

(1) The following electoral division areas: Camas, Cill Chuimín (Uachtar Ard), An Turlach, Abhainn Ghabhla, An Cnoc Buí agus Scainimh.

(2) That part of the electoral division area of Maíros in County Galway which consists of the following townlands: Dún Riacháin, An Gharmain, Leitheanach Theas, Lios Uachtair and An Tamhnach Mhór.

(3) That part of the electoral division area of Cloch na Rón in County Galway which consists of the following townlands: Inis Ní, Iorras Beag Thiar and Iorras Beag Thoir.

GIVEN under my hand,
21 December 2018.

SEÁN KYNE,
Minister of State for Culture, Heritage and the Gaeltacht.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

---

ISBN 978-1-4468-7920-7

€2.54

9 781446 879207

Wt. (B33971). 285. 1/19. Essentra. Gr 30-15.